Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2026/2005(INI)

25.06.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhúnlú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cearta an duine a chruthaítear leis an intleacht shaorga
(2026/2005(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Nacho Sánchez Amor

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhúnlú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cearta an duine a chruthaítear leis an intleacht shaorga

(2026/2005(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

– ag féachaint d'Airteagail 2, 3, 8, 21, 23 agus 36 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 17 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2027, a ghlac an Chomhairle an 17 Samhain 2020 agus a athbhreithniú meántéarma a glacadh an 9 Meitheamh 2023,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[1],

– ag féachaint don Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití an 23 Eanáir 2023[2],

– ag féachaint don Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach' (JOIN(2025)0140),

– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta,

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus do chonarthaí agus ionstraimí ábhartha eile na Náisiún Aontaithe um chearta an duine,

– ag féachaint do Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla an 16 Nollaig 1966 agus do Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha 16 Nollaig 1966,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál

[1] IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.
[2] IO C 23, 23.1.2023, lch. 1.

Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú an 18 Nollaig 1979,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas an 12 Nollaig 2006 agus don Phrótacal Roghnach a ghabhann leis, a glacadh an 13 Nollaig 2006,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 13 Meán Fómhair 2007,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe an 25 Samhain 1981 maidir le Gach Cineál Éadulaingthe agus Idirdhealaithe atá Bunaithe ar Reiligiún nó Creideamh a Dhíothú,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga an 18 Nollaig 1992,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989 agus do na trí Phrótacal Roghnacha a ghabhann leis,

– ag féachaint do Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint don Chomhshocrú don Todhchaí agus don Chomhshocrú Digiteach Domhanda, a glacadh ag Cruinniú Mullaigh na Todhchaí i mí Mheán Fómhair 2024,

– ag féachaint do Rún 78/265 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 1 Aibreán 2024 maidir le tapú na ndeiseanna a bhaineann le córais intleachta saorga atá sábháilte, slán agus iontaofa don fhorbairt inbhuanaithe,

– ag féachaint do Rún 79/325 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 26 Lúnasa 2025 maidir le téarmaí tagartha agus módúlachtaí le haghaidh bhunú agus fheidhmiú an Phainéil Eolaíoch Idirnáisiúnta Neamhspleách maidir leis an Intleacht Shaorga agus an Idirphlé Domhanda maidir le Rialachas na hIntleachta Saorga,

– ag féachaint do Mholadh Unesco ó Chomhairle ECFE maidir le hEiticí na hIntleachta Saorga, a glacadh an 23 Samhain 2021,

– ag féachaint don tuarascáil chríochnaitheach ó Chomhlacht Comhairleach Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe um an Intleacht Shaorga ó mhí Mheán Fómhair 2024 maidir leis an intleacht shaorga a rialú ar mhaithe leis an gcine daonna,

– ag féachaint don mholadh ó Chomhairle na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir leis an intleacht shaorga an 22 Bealtaine 2019,

– ag féachaint do Phrionsabail Threoracha Idirnáisiúnta Phróiseas Hiroshima maidir le hEagraíochtaí atá i mbun Ardchórais IS a Fhorbairt agus do Chód Iompair Idirnáisiúnta Phróiseas Hiroshima maidir le hEagraíochtaí atá i mbun Ardchórais IS a Fhorbairt, chomh maith le Ráiteas Cheannairí G7 maidir le IS don Rathúnas an 17 Meitheamh 2025,

– ag féachaint do Phrionsabail agus Treoirlínte G20 maidir leis an Intleacht Shaorga,

– ag féachaint do Dhearbhú Bletchley, arna ghlacadh ag tíortha a d’fhreastail ar Chruinniú

Mullaigh Sábháilteachta IS an 1-2 Samhain 2023,

– ag féachaint don Dearbhú Aireachta a glacadh an 4 Nollaig 2024 ag Cruinniú Mullaigh na Comhpháirtíochta Domhanda maidir leis an Intleacht Shaorga,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2026),

A. de bhrí gur feiniméan domhanda é IS atá á ghlacadh go tapa ar fud sochaithe; de bhrí go gcuireann sé deiseanna gan fasach ar fáil don rathúnas, don nuálaíocht agus don dul chun cinn, lena n-áirítear an acmhainneacht atá aici cosaint agus cur chun cinn chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta a cur chun cinn i réimsí éagsúla;

B. de bhrí nach mór do chórais IS go bunúsach cearta an duine a chomhlíonadh; de bhrí, má dheartar go mailíseach iad, nuair a bhaintear mí-úsáid astu chun críoch diansmachta, nó nuair a imscartar iad gan coimircí leormhaithe, go bhféadfadh na córais intleachta saorga sáruithe ar chearta an duine a cheadú nó a éascú agus go bhféadfadh siad an bonn a bhaint de dhínit an duine, de chearta an duine, den daonlathas agus den smacht reachta;

C. de bhrí go n-áirítear ar na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann le cearta agus saoirsí bunúsacha a eascraíonn as córais IS rioscaí do dhínit an duine, príobháideachas sonraí, cearta an linbh, an ceart chun saothair, cearta imirceach, cearta comhshaoil, an daonlathas agus an smacht reachta agus rioscaí idirdhealaithe algartamaigh, ollfhaireachas agus cur faoi chois easaontaithe, foréigean inscnebhunaithe, méadú ar chur faoi chois trasnáisiúnta, agus sáruithe ar chearta an duine maidir le córais IS a imscaradh i gcórais arm uathoibrithe i gcoinbhleachtaí agus i dtrealamh dé-úsáide, ach gan a bheith teoranta dóibh;

D. de bhrí go gcuireann IS deiseanna suntasacha ar fáil freisin chun cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar sháruithe ar chearta an duine, rochtain ar cheartas agus ar fhaisnéis sa tsláinte agus san oideachas a éascú, bréagaisnéis agus fuathchaint a bhrath, seachadadh cúnaimh dhaonnúil agus éigeandála a fheabhsú, trédhearcacht sa rialachas agus sa rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú, rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus tionchar diúltach an athraithe aeráide a mhaolú;

E. de bhrí go bhfuil an t-ord domhanda á athmhúnlú go mór ag dul chun cinn tapa theicneolaíochtaí IS; de bhrí nach mór don Aontas a áirithiú go mbeidh a ghníomhaíocht sheachtrach in IS á treorú ag fís straitéiseach chomhleanúnach, atá fréamhaithe ina chroíluachanna den daonlathas, den smacht reachta agus den urraim do chearta bunúsacha;

F. de bhrí go bhfuil an tAontas ag tacú le samhail mhalartach iontaofa maidir le dearadh, forbairt agus rialachas IS lena gcomhcheanglaítear oscailteacht, trédhearcacht agus cosaint na gceart bunúsach le hathléimneacht agus nuálaíocht, lena ndéantar saoránaigh a chosaint agus lena gcuirtear machaire comhréidh ar fáil do chuideachtaí;

G. de bhrí gur cheart go mbeadh neartú chomhpháirtíochtaí IS le tíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe tíortha is iarrthóirí, tíortha i gcomharsanacht an Aontais agus tíortha

sa Domhan Theas, ina thosaíocht do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

Breithnithe ginearálta

1. á chur i bhfáth nach mór cearta an duine, go háirithe dínit an duine, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú, a bheith i gcroílár IS i gcónaí; á chur i bhfáth go bhfuil feidhm ag oibleagáidí dlíthiúla maidir le cearta an duine i ngach imthoisc, agus gur gá do chórais IS an trédhearcacht agus an mhaoirseacht a thairiscint mar bhonn don chuntasacht agus don fhreagracht, lena n-áiritheofar go mbeidh leigheasanna inrochtana agus ar fáil go héasca ag gach céim de shaolré IS;

2. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé de dhualgas ar stáit faoin dlí idirnáisiúnta staonadh ó aon chur isteach gan údar ar chearta an duine agus aghaidh a thabhairt air, agus a áirithiú go ndéanfar iad a réadú agus a chosaint go héifeachtach; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an dualgas sin i gcomhthéacs rialachas na gcóras IS;

Rioscaí na hintleachta saorga do chearta an duine

3. ag cur béim ar an bhfíoras gur comhpháirt ríthábhachtach de theicneolaíochtaí IS iad sonraí agus go bhfuil sé ríthábhachtach príobháideachas sonraí a chosaint chun cearta digiteacha an duine a chosaint;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil baol ann go gcuirfidh IS leis na neamhionannais shóisialta atá ann cheana, go háirithe do ghrúpaí atá imeallaithe cheana féin, ós rud é go bhféadfaí córais a thógáil ar algartaim agus/nó ar shonraí a dhéanann claontachtaí idirdhealaitheacha a atáirgeadh, a bhuanú agus a ghéarú;

5. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur chuir IS ar chumas an fhaireachais a bheith níos sofaisticiúla, níos rábaí agus níos forleithne, rud a fhágann gur féidir faireachán a dhéanamh ar ghrúpaí agus sochaithe iomlána agus gur bagairt thromchúiseach é ar an daonlathas agus ar chearta an duine;

6. ag tabhairt rabhaidh gur féidir feidhm a bhaint go héasca as faireachas IS-chuidithe, fiú nuair a úsáidtear é ar dtús chun críocha dlisteanacha amhail forfheidhmiú an dlí agus slándáil, chun easaontú a chur faoi chois agus chun díriú ar chosantóirí chearta an duine;

7. ag cáineadh go láidir úsáid IS chun foréigean inscnebhunaithe a bhuanú agus chun an bonn a bhaint de chearta inscne, mar a fheictear i gcás Grok, inar léiríodh conas is féidir uirlisí atá cumhachtaithe ag IS a úsáid chun ábhar gnéasach neamhthoiliúil a chruthú agus a scaipeadh, lena n-áirítear domhainbhrionnuithe agus cineálacha eile ionramhála íomhánna agus físe;

8. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an díobháil a d'fhéadfadh IS a dhéanamh do leanaí agus do dhéagóirí;

9. á aithint go bhfuil tionchar ag córais IS ar athmhúnlú na hoibre domhanda, na margaí saothair agus na táirgiúlachta; ag cur béim ar an bhfíoras go mbeidh éifeachtaí doimhne agus fadtéarmacha ag córais IS; ag tabhairt rabhaidh nach féidir úsáid a bhaint as córais IS chun údar a thabhairt leis an mbonn a bhaint de chearta, dínit agus folláine oibrithe, oibrithe a easáitiú ná bearnaí scileanna a mhéadú nó dí-sciliú;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar spleáchas ar theicneolaíochtaí atá cumhachtaithe ag IS chun faireachán a dhéanamh ar theorainneacha agus ar bhealaí imirce, lena n-áirítear feadh theorainneacha seachtracha an Aontais;

11. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na himpleachtaí tromchúiseacha comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le córais IS;

12. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na rioscaí méadaitheacha a bhaineann le IS a úsáid chun cur faoi chois trasnáisiúnta a dhéanamh;

13. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag gnólachtaí maidir lena áirithiú go n-urramófar cearta an duine le forbairt agus le cur in úsáid IS agus le húsáid sonraí;

14. á áitiú go bhfuil sé de dhualgas ar stáit cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint go héifeachtach ar mhí-úsáidí ag tríú páirtithe, lena n-áirítear gnólachtaí;

15. á iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha agus i measc comhpháirtithe idirnáisiúnta chun treoir a bhaineann go sonrach le IS a fhorbairt maidir le freagracht chorparáideach as cearta an duine;

16. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhianaise mhéadaitheach go bhfuil córais IS á n-úsáid i gcogaíocht;

17. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé ardchaighdeáin chearta an duine a chur i bhfeidhm maidir le hearraí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí arna gcumhachtú ag IS;

Rioscaí a ghabhann le IS don daonlathas agus don smacht reachta

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil tionchar díreach ag córais IS ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha;

19. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór úsáid chórais IS i bpróisis toghcháin na caighdeáin is airde trédhearcachta, inmhínitheachta, cuntasachta agus meastóireachta neamhspleáiche a chomhlíonadh;

20. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go méadaíonn úsáid IS ar bhealaí mailíseacha acmhainneachtaí na ngníomhaíochtaí ionramhála agus cur isteach eachtraigh ar fhaisnéis, lena n-áirítear an fhéidearthacht an bonn a bhaint de shláine, de neamhspleáchas agus d'éifeachtacht institiúidí agus próiseas, chomh maith leis an bhféidearthacht difear a dhéanamh do cháilíocht na faisnéise;

21. ag cur béim ar an bhfíoras gur gné bhunúsach den daonlathas í saoirse an phreasa; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na rioscaí d'éagsúlacht, iolrachas, cuimsitheacht, iontaofacht agus cuntasacht na meán a bhaineann le comhchruinniú cumhachta i lámha sholáthraithe IS;

Cuntasacht as IS

22. ag tabhairt dá haire go n-eascraíonn cuntasacht as sáruithe ar chearta an duine a bhaineann le IS ag an bpointe sa slabhra ina ndéantar an córas a dhúshaothrú nó a úsáid

chun an sárú a dhéanamh, mura rud é gur dearadh an córas go mailíseach ón tús; ag cur béim ar an bhfíoras nach scaoiltear forbróirí a bhfreagrachta leis an gcur chuige sin;

23. á iarraidh go mbeadh córais IS i gcomhréir leis an gceart atá ag íospartaigh sáruithe ar chearta an duine leigheas éifeachtach a fháil;

Moltaí maidir le straitéis an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach i réimse IS

24. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le IS iontaofa a chur chun cinn ar fud an domhain, tírdhreach domhanda IS a mhúnlú agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn maidir le IS a fhorbairt agus a chur in úsáid; á iarraidh go ndéanfaí straitéis iomlánaíoch de chuid an Aontais a fhorbairt láithreach do ghníomhaíocht sheachtrach i réimse IS chun an sprioc sin a bhaint amach;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú chun íoschaighdeáin dhomhanda chosanta a bhunú i gcoinne rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le IS;

26. á mheas go dtugann IS fíordheis chun aghaidh a thabhairt, in éineacht le tíortha nach bhfuil san Aontas, ar dhúshláin ar leith do chearta an duine, amhail cearta leanaí, cearta na mban agus comhionannas inscne, cearta oibrithe agus cearta comhshaoil;

27. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit tacú le sásraí rialachais rannpháirtíochta a bhunú chun freagairtí beartais agus creataí rialachais IS a mhúnlú ar an leibhéal idirnáisiúnta;

28. á chur i bhfáth gur gá Oifig IS an Aontais agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a neartú trí acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a sholáthar;

29. á iarraidh go mbainfí leas iomlán as na hionstraimí uile atá ar fáil don Aontas chun dul i ngleic le tionchar IS ar chearta an duine, lena n-áirítear trí ról Ionadaí Speisialta AE maidir le Cearta an Duine a neartú;

30. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá tuilleadh plé a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun ábhar IS a thabhairt isteach i rialacháin de chuid an Aonais atá ann cheana chun a áirithiú go neartóidh beartais inmheánacha IS agus rialacha inmheánacha den Aontas urraim do chearta an duine lasmuigh den Aontas;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS gné IS a chomhtháthú i gcur chun cinn dhaonlathas de chuid an Aontais agus i mbreathnóireacht toghcháin;

32. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le héiceachóras IS san Aontas atá láidir agus athléimneach a fhorbairt lena laghdófar spleáchais straitéiseacha agus lena neartófar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais;

33. ag meabhrú thiomantas an Aontais d'ordú iltaobhach trádála atá bunaithe ar rialacha; á iarraidh ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit a seasaimh a chomhordú i bhfóraim iltaobhacha agus comhpháirtíochtaí a thógáil le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo chun fís chomhroinnte le haghaidh IS iontaofa a chur chun cinn agus a chur chun cinn;

34. á iarraidh ar Aontas agus ar a Bhallstáit tacú le Córas na Náisiún Aontaithe agus é a neartú ina iarrachtaí IS iontaofa a chur chun cinn;

35. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit leanúint de bheith ag comhoibriú le Comhairle na hEorpa chun caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt le haghaidh IS iontaofa;

36. á chur i bhfáth gur gá don Aontas tacú le hinfhaighteacht córas IS foinse oscailte agus caighdeán teicniúil idir-inoibritheach a mhéadú, go háirithe le tíortha is iarrthóirí, le tíortha i gcomharsanacht an Aontais agus le tíortha sa Domhan Theas;

37. á iarraidh ar an Aontas a chúnamh airgeadais a dhéanamh chun IS a fhorbairt agus a chur in úsáid i dtíortha nach bhfuil san Aontas, lena n-áirítear faoin ionstraim um an Eoraip Dhomhanda atá ar na bacáin agus faoi Global Gateway, coinníollach ar IS iontaofa agus lena n-urramaítear cearta a fhorbairt agus a úsáid; á chur i bhfáth nár cheart don Aontas ach samhlacha IS a thacaíonn le caighdeáin maidir le cearta an duine a mhaoiniú;

38. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá córais IS a úsáidtear laistigh de chuideachtaí, ós rud é gur féidir leo tacú le cuideachtaí príomhdhlíthe de chuid an Aontais a chomhlíonadh, amhail an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach[3] agus an Treoir i dtaca le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach[4], chomh maith le dlíthe i gcoinne saothar éigeantais, chun a áirithiú go mbeidh slabhraí soláthair IS freagrach, inbhuanaithe agus go n-urramóidh siad cearta an duine agus an comhshaol;

39. á chur i bhfáth go bhfuil éiceachóras iontaofa IS ina phríomhspreagadh don iomaíochas; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil infheistíocht i gcórais IS lena n-urramaítear cearta bunúsacha an duine bunriachtanach chun muinín a chothú le tomhaltóirí agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun nuálaíocht fhadtéarmach a chothú, agus chun buntáiste iomaíoch inbhuanaithe a chruthú sa mhargadh domhanda;

40. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé ríthábhachtach tacú le litearthacht IS;

Moltaí maidir le hairm

41. ag tacú le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe ar chomhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí chun córais arm uathrialaitheach marfach a rialáil agus a thoirmeasc ar fud an domhain; ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit tacú leis na cuspóirí sin;

42. ag cáineadh na sáruithe féideartha ar chearta an duine a dhéantar i gcoinbhleachtaí armtha trí bhíthin córais uathrialacha IS; á iarraidh ar an Aontas a thacaíocht a mhéadú don Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta agus don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta chun sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh le húsáid IS a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

---

[3] Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

[4] Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

Moltaí maidir le hollfhaireachas IS-chuidithe

43. á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar onnmhairiú córas ollfhaireachais le cúnamh IS ón Aontas chuig tíortha ina bhfuil baol tromchúiseach ann go n-úsáidfear na córais sin chun cearta an duine a shárú;

Moltaí maidir le hearraí dé-úsáide

44. á iarraidh go ndéanfaí prionsabail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chomhtháthú sa Rialachán maidir le Dé-Úsáid[5], ar cheart toirmeasc ar onnmhairiú córas intleachta saorga a bhfuil toirmeasc orthu leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a bheith mar thoradh air agus oibleagáid a chur ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach córas IS ardriosca atá beartaithe lena n-onnmhairiú na hoibleagáidí faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga mar choinníoll d'fhormheas onnmhairiúcháin;

Moltaí maidir le trádáil

45. á iarraidh go leathnófaí raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga chun onnmhairí córas IS lasmuigh den Aontas a chumhdach don dá phríomhchatagóir riosca a liostaítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga;

46. á iarraidh go ndéanfaí IS foinse oscailte iontaofa a chur chun cinn le forálacha IS i gcomhaontuithe trádála an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún córais iontaofa IS a chur chun cinn faoi thionscnaimh Global Gateway;

Moltaí maidir le deiseanna IS chun cearta an duine a chur chun cinn

47. á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht ag córais IS cearta an duine a chur chun cinn agus a neartú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra ar an leibhéal domhanda; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa úsáid IS a chur chun cinn trí bhíthin rialachas idirnáisiúnta;

48. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS tacú le córais iontaofa IS a chur i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar sháruithe ar chearta an duine agus chun tacú le rochtain ar cheartas, agus i réimsí an oideachais, an chúraim sláinte, an athraithe aeráide agus an fhuinnimh, agus go ginearálta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn;

°

° °

49. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

---

[5] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú earraí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).